Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11061 — NORDIC METAL/ALUMECO GROUP)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 194/08)

1. An 22 Bealtaine 2023 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Nordic Metal Holdings Inc. ('Nordic Metal') (Stáit Aontaithe Mheiriceá) ([2]),

— Alumeco Holding A/S ([3]) ('Alumeco') (an Danmhairg)

Gheobhaidh Nordic Metal rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Alumeco Group ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá Nordic Metal gníomhach i ndáileadh miotal san Eoraip, agus leagann siad béim ar an alúmanam agus ar an gcruach dhosmálta,

— Is dáileoir idirnáisiúnta miotal é Alumeco, a dhíríonn go príomha ar an alúmanam ach a dháileann cóimhiotail chopair agus cruach dhosmálta freisin. Trína aonad gnó Aluwind, tá sé gníomhach freisin i ndearadh, innealtóireacht agus táirgeadh fostruchtúir alúmanaim speisialaithe don tionscal fuinnimh gaoithe. Is san Eoraip a oibríonn Alumeco go príomha.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11061 — NORDIC METAL/ALUMECO GROUP

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').

([2]) Is cuideachta nua-bhunaithe í Nordic Metal atá faoi úinéireacht dhíreach nó indíreach triúr daoine nádúrtha ('na hInfheistitheoirí') a bhfuil cuideachtaí éagsúla ina seilbh acu atá gníomhach i ndáileadh alúmanaim, cruach dosmálta, cóimhiotal copair agus miotail eile san Eoraip. Is iad sin Amari Metals Europe Ltd. ('**AME**'), Amari Benelux Inc. ('**ABI**'), Amari Ireland Limited ('**AIL**') cuideachta aonair, Amari France Holdings Inc. ('**AMF**'), Amari Switzerland Holdings Inc. ('**AMS**'), Sverdrup Holdings Inc. ('**Sverdrup**'), Britannia Metals Holdings, Inc. ('**Britannia**'), Aero Metals Alliance Inc. ('**AMA**'), Henley Management Company ('**Henley**') agus Deloro Group Holding Inc. ('**Deloro**').

([3]) Tá Alumeco Group comhdhéanta de (i) Alumeco agus (ii) Aluwind.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË